# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

**RÁITIS AIRGEADAIS**

**don bhliain dar chríoch**

**31 Nollaig 2006**

# CLÁR


| Leathanach | |
|---|---|
| 3,4 | Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na Ráitis Airgeadais |
| 5 | Ráiteas ar an gCóras Rialú Airgeadais Inmheánach |
| 6 | Ráiteas ar Chúraimí An Choimisinéara Teanga |
| 7 | Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta |
| 8 | Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse 1 Eanáir 2006 go dtí 31 Nollaig 2006 |
| 9 | Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2006 |
| 10 | Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais. |

## OIFIG CHOIMISINÉIR NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA

### Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Choiminisnéara Teanga don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis comhdhéanta de na Polasaithe Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, agus na notaí gaolmhara.

**Freagrachtaí An Chiomisninéara Teanga agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach**

Tá an Coimisinéir Teanga freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Choimisinéir Teanga na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Eirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta an Choimisinéara Teanga leagtha amach sa Ráiteas ar Churaimí An Choimísinéara Teanga.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiunta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Eirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím fresin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas ar an gCorás Rialaithe Inmheánach le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Coimisinéir Teanga an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuiriscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithiú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas ar an gCorás Rialaithe Inmheánach gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar tuairaim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

**An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireachta (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí

bainisteoireachta agus le hoibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu.

Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí An Choimisinéara Teanga, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

**Tuairim**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn ar riocht ghóthai Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla ag 31 Nollaig 2006 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**John Purcell**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**31 Deireadh Fómhair 2007**

# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

## Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach

**Freagracht maidir leis an gCóras Rialú Airgeadais Inmheánach**

Oifig bheag in aonad amháin is ea Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla. Tá seisear ball foirne ar fad i gceist: An Coimisinéir Teanga, Bainisteoir Oifige agus ceathrar oifigeach. Is ormsa, mar Choimisinéir Teanga, a thiteann an fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach in áit agus á chur i bhfeidhm maidir le rialú inmheánach.

Ní féidir leis an gcóras sin ach cinnteacht réasúnta, agus ní iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní sábháilte, beartais údaraithe agus taifead ceart déanta orthu, agus go bhfuil bac ar bhotúin thábhachtacha nó mírialtachtaí, nó go dtabharfaí faoi ndeara iad in am cuí.

Tá céimeanna tógtha agam agus ag foireann na hOifige le cinntiú go bhfuil córas foirfe i bhfeidhm, trí chóras rialaithe inmheánach a chruthú bunaithe ar eolas a chur ar fáil don bhainistíocht, modhanna riaracháin a fhorbairt, ina measc deighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta. San áireamh anseo tá:

- measchacháin bhliantúla agus ráithiúla ina leagtar síos an soláthar atá de dhíth don tréimhse amach romhainn;
- Tuairisciú rialta chuig an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ag tabhairt an chaiteachais go dáta nuair atáthar ag lorg aistriú chuig ár gcuntas reatha banc. Déantar comparáid ag an am seo idir na meastacháin agus an fíorchaiteachas.

Tá comhlacht cuntasaíochta ag cur seirbhís Iniúchta Inmheánaigh ar fáil ar bhonn chonartha. Déanadh iniúchadh le linn na bliana 2006. Tá Coiste Iniúchta ag feidhmiú chomh maith, ar a bhfuil Bainisteoir na h-Oifige, mar aon le beirt bhall seachtrach.

Dearbhaím go ndearna mé athbhreithniú ar chóras rialaithe inmheánach na h-Oifige le linn na bliana 2006.

_____

**Seán Ó Cuirreáin**
**An Coimisinéir Teanga**

# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

## Ráiteas ar Chúraimí an Choimisinéara Teanga

Bunaíodh Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Faoi Alt 8 (1) den dara sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá dualgas ar an Choimisinéir Teanga a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a caithfidh sé nó sí agus na cuntais speisialta sin go léir (más ann) a ordóidh an tAire.

In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní mór don Choimisinéir Teanga :

- Polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar
- Na ráitis a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha seachas má tá sé neamhoiriúnach é sin a dhéanamh
- Aon imeacht shuntasach ó chaighdeáin chuntasaíochta cuí a nochtadh agus a mhíniú.

Tá freagracht ar an Choimisinéir Teanga na leabhair chuí chuntasaíochta a choinneáil, a chuireann in iúl le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na h-Oifige. Tá freagracht ar an Choimisinéir Teanga chomh maith na sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a thógáil le mírialachtaí agus calaois a chosc agus a bhrath.

_____ _____

**Seán Ó Cuirreáin** **Dáta**
**An Coimisinéir Teanga**

# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

## Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

1. **Tréimhse Chuntasaíochta**
   Bunaíodh Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus cheap an tUachatarán An Coimisinéir Teanga ar an 23 Feabhra 2004. An bhliana ó 1 Eanáir 2006 go dtí an 31 Nollaig 2006 atá san áireamh sna cuntais seo.

2. **Bunús Cuntasaíochta**
   Ullmhaítear na ráitis airgeadais seo faoi mhodh fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a deirtear thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coiteann leo faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Feidhmítear Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais atá molta ag comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

3. **Deontais an Oireachtais.**
   Ar bhonn fáltas airgid thirim a áirítear iad seo.

   Séard atá i nDeontais an Oireachtais ná ciste atá curtha ar fáil d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla trí Vóta na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, mar seo a leanas:

   - Deontas as a n-íocann an Coimisinéir Teanga aon dliteanas, agus
   - Tríd íocaíocht dhíreach ón Roinn ar thuarastail áirithe agus ar chostais riaracháin áirithe.

4. **Pinsin**
   Déantar soláthar san Acht do bhunú scéim aoisliúntais don Choimisinéir Teanga. Tá ranníocaíochtaí á ndéanamh de réir shamhail scéim aoisliúntais na státseirbhíse go dtí go dtugtar chun críche forálacha na scéime sin.

   Is státseirbhísigh iad foireann Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla ar baill iad de scéim aoisliúntais na státseirbhíse, a bhfuil bunús riartha ar leith leis. Coinníonn An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ranníocaíochtaí aoisliúntais na foirne sin, agus íoctar leis an Státchiste iad.

5. **Sócmhainní Seasta agus Dímheas**
   Léirítear na sócmhainní seasta ar bhonn costas stairiúil lúide dímheas carnach. Ríomhtar dímheas ar bhonn líne dírí, ag na rátaí seo a leanas:-

| | |
|---|---|
| Troscán, Fearais agus Feisteas | 10% |
| Ríomhairí agus Fearas Oifige | 20% |

6, **Cuntas Caipitil**
   Léiríonn an cuntas caipitil an chuid sin d'ioncaim gan múchadh, a úsáideadh le sócmhainní seasta a cheannach.

# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2006

| | Nóta | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncaim** | | | |
| Deontas ón Oireachtas | **1** | 647,068 | 648,815 |
| Aistriú chuig Cuntas Caipitil | **3** | 21,838 | 6,792 |
| | | 668,906 | 655,607 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastal agus Liúntais | | 347,217 | 321,204 |
| Costais Taisteal agus Athlonnaithe | | 30,841 | 23,984 |
| Costas Cóiríocht Oifige | | 746 | 5,286 |
| Dímheas | **2** | 29,457 | 27,933 |
| Stáiseanóireacht | | 4,318 | 5,767 |
| Postas agus Fóin | | 20,279 | 21,087 |
| Teas , Solas agus Cíos | | 87,360 | 86,459 |
| Proifisiúnta agus Dlí | | 39,175 | 24,229 |
| Iniúchadh | | 5,624 | 3,185 |
| Fógraíocht | | 106,110 | 113,192 |
| Ilghnéitheach | | 5,276 | 9,267 |
| | | 676,403 | 641,593 |
| Farasbarr don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006 | | **(7,497)** | **14,014** |
| Ag 1 Eanáir 2006 | | 21,224 | 7,210 |
| Ag 31 Nollaig 2006 | | 13,727 | 21,224 |

Níl aon ghnóthacháin ná caillteanas aitheanta nach bhfuil san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1-3.

**An Coimisinéir Teanga:**

**Dáta**

# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

## Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2006

| | Nótaí | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | **2** | 122,098 | 143,936 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Banc | | 19,752 | 13,362 |
| Réamhíocaíochtaí | | 13,833 | 12,758 |
| | | 33,585 | 26,120 |
| **DLITEANAS REATHA** | | | |
| Fabhruithe | | (19,858) | (4,896) |
| Sócmhainní Reatha Glan | | 13,727 | 21,224 |
| **IOMLÁN SÓCMHAINNÍ** | | 135,825 | 165,160 |
| Léirithe ag: | | | |
| Cuntas Caipitil | **3** | 122,098 | 143,936 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 13,727 | 21,224 |
| | | 135,825 | 165,160 |

Is cuid de na Ráiteas Airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótai 1-3

**An Coimisinéir Teanga:**

**Dáta:**

# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**1. Deontas ón Oireachtas**

Chuir an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an maoiniú seo a leanas ar fáil d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla le linn na tréimhse:

| | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontas d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla | 270,000 | 295,500 |
| Íocaíochtaí déanta thar ceann an Choimisinéara Teanga | 377,068 | 353,315 |
| | 647,068 | 648,815 |

**2. Sócmhainní Seasta**

| Sócmhainní Seasta | Ath-chóiriú &Troscán | Trealamh Oifige agus Ríomhairí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Costas** | | | |
| Ag 1 Eanáir 2006 | 114,037 | 82,647 | 196,684 |
| Ceannaithe i rith 2006 | - | 7,619 | 7,619 |
| Ag 31 Nollaig 2006 | 114,037 | 90,266 | 204,303 |
| **Dímheas** | | | |
| Ag 1 Eanáir 2006 | 21,697 | 31,051 | 52,748 |
| Gearradh 2006 | 11,404 | 18,053 | 29,457 |
| Ag 31 Nollaig 2006 | 33,101 | 49,104 | 82,205 |
| **Glanluach leabhar** | | | |
| Glanluach leabhar 31 Nollaig 2006 | 80,936 | 41,162 | 122,098 |
| Glanluach leabhar 31 Nollaig 2005 | 92,340 | 51,596 | 143,936 |

**3. Cuntas Caipitil**

| | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Aistriú ó chuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | |
| Ciste do cheannacht Sócmhainní Seasta | 7,619 | 21,141 |
| Díluacháil de réir dímheas sócmhainní | (29,457) | (27,933) |
| | (21,838) | (6,792) |
| Fuílleach ag 1 Eanáir 2006 | 143,936 | 150,728 |
| **Fuílleach ag 31 Nollaig 2006** | **122,098** | **143,936** |